



An
Bord
Pleanála

Clár Oibre Éisteacht ó Bhéal ABP-308533-20

Cás	Athruithe ar fhorbairt a ceadaíodh roimhe seo Clár Tag: 2186/15 (PL29S.245164) ag méadú líon iomlán na n-aonad ó 220 uimh. aonaid go 248 uimh. aonaid. Clochar San Clár agus Uimhreacha 115-119 Bóthar Crois Araild, Crois Araild, Baile Átha Cliath 6W. (www.stclaresshd.ie)
Date	Dé Céadaoin 20 Eanáir, 2021
Am Tosaithe	10.00 a.m.
Suíomh	Oifigí an Bhoird Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1

Clár Oibre

1. An Measúnú Tírdhreacha agus Amhairc, agus, inter alia, breithniú a dhéanamh ar an gceanglas maidir le radhairc agus fótamontáisí breise mar an radharc ó Pháirc Laighean, agus aon tionchar amhairc breise nó féideartha ar chónaitheoirí atá ann cheana mar a leagtar amach sna haighneachtaí a fuarthas, agus
2. Anailís ar Sholas na Gréine agus Solas an Lae, chun a thaispeáint go soiléir go gcomhlíontar Treoirlínte BRE agus chun breithniú breise a dhéanamh ar phointí teicniúla eile a ardaíodh sna tuarascálacha éagsúla ó shaineolaithe teicniúla éagsúla is infheidhme maidir leis an gceist seo. Iarrtar ar an iarratasóir machnamh cuimsitheach a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar chónaitheoirí reatha agus amach anseo mar thoradh ar an bhforbairt bheartaithe.

[Ina aighneacht chuig an éisteacht iarrtar ar an iarratasóir breithniú a dhéanamh, inter alia, ar na nithe seo a leanas:

- Freagra ar uirill maidir le híomhánna breise / fótamontáisi agus breithniú ar radhairc ar an bhforbairt a bheartaítear ó na ceantair chónaithe máguaird.

Go sonrach:

- Radhairc ó Pháirc Laighean.
- Radhairc ó Ascaill San Clár.

- An mhodheolaíocht agus an cur chuige i leith sholas an lae, solas na gréine agus anailís scáthaithe mar thoradh ar an bhforbairt bheartaithe. Go sonrach:

- ADF 1.5% ar áiteanna maireachtála/cistine/itheacháin a úsáid; gan ach rogha aonad a úsáid le haghaidh tástála; agus an cur chuige i leith anailís ar sholas na gréine don chóiríocht atá beartaithe.
- Tráchtairacht agus cainníochtú an tionchair fhéideartha ar spásanna taitneamhachta beartaithe maidir le scáth a bheith caite.
- Modheolaíocht agus cur chuige i leith fuinneoga laistigh d'áitribh máguaird a roghnú lena n-anailísiú ó thaobh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag solas an lae agus cur chuige i leith anailís ar sholas na gréine.

Tráchtairacht agus cainníochtú na n-iarmhairtí féideartha ón bhforbairt a bheartaítear i ndáil le scáth a bheith á chaitheamh ar limistéar taitneamhachta i gcóngar.]

Ord na nImeachtaí

Am	Topaic
10AM	<ul style="list-style-type: none">• Oscailt na héisteachta ó bhéal
	<ul style="list-style-type: none">• Iarratasóir:<ul style="list-style-type: none">○ Achoimre ar an bhforbairt bheartaithe (10 nóim. ar a mhéad)

Am	Topaic
	<ul style="list-style-type: none"> ○ Freagraí ar cheisteanna a tarraingíodh anuas sa tráthchlár teoranta
	<ul style="list-style-type: none"> • Údarás pleanála <ul style="list-style-type: none"> ○ Pointí le hardú ar cheisteanna ar an tráthchlár teoranta
	<ul style="list-style-type: none"> • Daoine a thugann tuairim <ul style="list-style-type: none"> ○ Pointí le hardú ar cheisteanna ar an tráthchlár teoranta
13:00 – 14:00	Sos
	<ul style="list-style-type: none"> • Ceistiú idir na páirtithe
2PM	<ul style="list-style-type: none"> • Ráitis deiridh san ord seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> ○ Daoine a thugann tuairim ○ Údarás Pleanála ○ Iarratasóir
	<ul style="list-style-type: none"> • Dúnadh na héisteachta ó bhéal

Gnóthaí Eile

Meabhraítear do pháirtithe san iarratas go bhfuil an éisteacht deartha chun tuilleadh mínithe, plé agus scrúdú riachtanach a dhéanamh ar shaincheisteanna ábhartha a bhaineann leis na hábhair a bhfuil cuntas orthu sa Chlár Oibre teoranta agus ní cheadóidh siad aon phlé ar aon cheisteanna eile lasmuigh den chlár oibre. Ba chóir go mbeadh aighneachtaí gonta agus nach bpléifí iontu ach na hábhair ábhartha mar atá mínithe thuas. Sa chás go ndéantar tagairt do léarscáileanna / léaráidí / íomhánna in aighneachtaí, ba cheart go mbeadh siad seo ar fáil le taispeáint agus ba chóir go mbeadh siad ar scála a chinntíonn go bhfuil siad inléite ag cách ag an Éisteacht.

Tar éis do pháirtí ar leith aighneacht a chur i gcrích ar na hábhair áirithe mar atá leagtha amach sa chlár oibre, féadfaidh an Cigire ceisteanna ábhartha agus croscheistiú a éascú.

Féadfaidh an Cigire dá rogha féin plé a stiúradh ar ábhair eile a bhaineann go díreach le hábhair ar an gclár oibre, mar oiriúnacht na gcoinníollacha chun déileáil le hábhair a thagann chun cinn, dá mbeadh sé ar intinn ag an mBord cead pleanála a thabhairt don fhorbairt bheartaithe.

Féadfaidh an Cigire dá rogha féin cuireadh a thabhairt do ráitis deiridh, más gá, tabharfar cuireadh dóibh san ord seo a leanas. Tabharfaidh na Páirtithe faoi deara nach féidir aon argóintí dlí, ábhar nua nó saincheisteanna seachas iad siúd a bhaineann leis an gclár oibre teoranta a thabhairt ar aird nó tagairt a dhéanamh dóibh ag an bpointe seo agus ba cheart go mbeadh siad teoranta do 5 nóiméad.

1. Daoine a thugann tuairim
2. Údarás Pleanála
3. Iarratasóir

NÓTA: Iarrtar ar rannpháirtithe dóthain cóipeanna d'aon doiciméad scríofa a chuirtear isteach ag an éisteacht a chur ar fáil do gach páirtí (2 chóip ar a laghad do gach páirtí agus 3 chóip don Bhord).

Tabhair faoi deara freisin go ndéanfar taifeadadh digiteach den fhianaise a tugadh ag an éisteacht.

Cuir scéala chugainn a luaithe is féidir má tá riachtanais so-rochtaineachta agatsa nó ag duine ar bith i do ghrúpa ionas gur féidir linn cabhrú leat bheith i láthair ag an éisteacht ó bhéal seo. Is féidir nach mbeifear in ann iarratais so-rochtaineachta a éascú tar éis an sprioclá d'iarratais ceal ama.